Conradh na Talún

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi agóid i gContae Ros Comáin. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh an cheist seo leis an duine in aice leat:

Cén cineál eagraíochta é Conradh an Talún? Ba cheart go dtabharfadh ainm na heagraíochta nod daoibh.

Ceist 2 Gan féachaint ar an mír go fóill, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo?

Court House	_____
County Registrar	_____
repossess	_____
protestors	_____
the power	_____
a handful	_____
before / in front of	_____
put back	_____
financial & legal advice	_____
abandoned	_____
jurisdiction	_____
a married couple	_____

Féach ar an tuairisc le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cé mhéad duine a ghlac páirt san agóid agus cén fáth?
2. Cá raibh an agóid ar siúl?
3. Cén fáth ar cuireadh an chuid is mó de na hiarratais siar?
4. Cad a deirtear faoi thithe atá tréigthe?

Ceist 4 An tuiseal ginideach

Bhí na focail thíos le cloisteáil sa mhír. An féidir leat na bearnaí a líonadh leis na focail a leanann iad agus an fhoirm cheart den fhocal sa tuiseal ginideach a sholáthar?

Teach	_____
Cláraitheoir	_____
*Conradh	_____

*****Tá an tríú focal sa teideal seo suimiúil, Cén fáth? Féach ar www.foclóir.ie mura bhfuil tú cinnte.

Ceist 5 *'…teip ar…'*

Tá a lán briathra frásacha (*phrasal verbs*) i nGaeilge. Cad é an réamhfhocal simplí a théann leis na briathra seo thíos agus cuir in abairtí iad chun a mbrí a léiriú?

teip
éirigh
buail
cuir
bain

Ceist 6 '…orduithe…'

Ag obair leis an duine in aice leat, déanaigí iarracht an difríocht idir an dá fhocal thíos a mhíniú:

orduithe agus *ordaithe*

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1
Plé atá i gceist leis an gceist seo.

Ceist 2

Court House	*Teach Cúirte*
County Registrar	*An Cláraitheoir Contae/ Cláraitheoir an Chontae*
repossess	*athshealbhaigh*
protestors	*lucht agóide*
the power	*an chumhacht*
a handful	*dornán*
before / in front of	*faoi bhráid*
put back	*cuir siar*
financial & legal advice	*comhairle airgeadais agus dlí*
abandoned	*tréigthe*
jurisdiction	*dlínse*
a married couple	*lánúin*

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
Teach na Cúirte
Cláraitheoir an Chontae
*Conradh na Talún

*Is féidir leis an bhfocal 'talamh' a bheith firinscneach nó baininscneach. Féach www.foclóir.ie:

talamh, m. & f. (m. gs. -aimh, f. gs. talún; pl. tailte). Earth, ground, land

Ceist 5

- teip ar *fail*
- éirigh le *succeed*
- éirigh as *retire, quit, give up*
- buail le *meet*
- cuir as (do) *annoy*
- cuir faoi *live*
- bain le *relate to*

Ceist 6
An t-ordú – an tuiseal ainmneach uatha
Na horduithe – an tuiseal ainmneach iolra
Ag an ordú – an tuiseal tabharthach
Méid an ordaithe – an tuiseal ginideach uatha
Méid na n-orduithe – an tuiseal ginideach iolra

Tá sé ordaithe – an aidiacht bhriathartha

Eimear Ní Chonaola
Ghlac tuairim is dhá dhuine dhéag páirt in agóid taobh amuigh de Theach na Cúirte i mBaile Ros Comáin, áit a raibh Cláraitheoir an Chontae ag plé le os cionn seachtú iarratas ar thithe a athshealbhú sa gcontae[1]. Deir *Conradh na Talún* go mbeidh daoine i gContae Ros Comáin gan teach, gan áras má cheadaítear na horduithe.

Sorcha Ní Mhonacháin
Lucht agóide ón eagraíocht *Conradh na Talún* taobh amuigh de Theach Cúirte Ros Comáin ar maidin. Taobh istigh bhí os cionn seachtú iarratas le hathshealbhú a dhéanamh ar thithe sa chontae á bplé i láthair Chláraitheoir an Chontae, Fintan Murphy.

Séamas Millar, Conradh na Talún
Níl cead ag éinne …a thógáil…do theach a thógáil… fan ann. Tá muid ag iarraidh daoine a oiliúint agus, cineál, cumhacht a thabhairt dóibh. Má thuigeann siad an chumhacht atá acu, sílim go mbeidh níos mó daoine ag teacht chuig an gCúirt agus seasamh a dhéanamh dá gcuid tithe.

Sorcha Ní Mhonacháin
Ní raibh ach dornán de na daoine a bhfuil iarrataisí[2] athshealbhaithe ina n-éadan i láthair inniu. Cuireadh an chuid is mó de na hiarrataisí a tháinig faoi bhráid Chláraitheoir an Chontae anseo i Ros Comáin inniu siar go gceann cúpla mí eile, le seans a thabhairt do na teaghlaigh ráitis airgeadais a chur ar fáil. Arís agus arís eile, mhol an Cláraitheoir do na teaghlaigh comhairle airgeadais agus dlí a fháil sula dtiocfaidh siad i láthair arís.

Chualathas i rith na héisteachta go raibh an chosúlacht ar chuid de na tithe nach raibh cónaí iontu níos mó; nó go raibh siad fágtha tréigthe ag an úinéir fiú amháin. I roinnt cásannaí[3] tugadh le fios go raibh úinéirí na dtithe ina gcónaí taobh amuigh den dlínse agus gur theip ar iarrachtaí teagmháil a dhéanamh leo. I gcás amháin ar leith, tugadh le fios go raibh lánúin a bhfuil ordú athshealbhaithe á réiteach ar a dteach ina gcónaí anois i mBrisbane[4] na hAstráile. D'ordaigh an cláraitheoir go seolfaí cáipéisí dlí maidir leis an athshealbhú chuig an tseoladh[5] i mBrisbane.

Sorcha Ní Mhonacháin, Nuacht TG4 i Rós Comáin.

[1] Cuirtear urú ar an ainmfhocal tar éis ***sa*** i gcanúint Chonnacht.
[2] *iarratais* atá sa Chaighdeán Oifigiúil
[3] *cásanna* atá sa Chaighdeán Oifigiúil
[4] in Brisbane atá sa Chaighdeán Oifigiúil
[5] *chuig an seoladh* atá sa Chaighdeán Oifigiúil